**AN tAONTAS EORPACH**

**PARLAIMINT NA hEORPA** **AN CHOMHAIRLE**

**An Bhruiséil, 6 Meitheamh 2018**
**(OR. en)**

**2017/0348 (COD)** **PE-CONS 23/18**

**PECHE 143**
**CODEC 648**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/1139 a mhéid a bhaineann le raonta básmhaireachta iascaireachta agus leibhéil choimirce le haghaidh stoic scadáin áirithe i Muir Bhailt |

**RIALACHÁN (AE) 2018/...**
**Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/1139 a mhéid a bhaineann le raonta básmhaireachta iascaireachta agus leibhéil choimirce le haghaidh stoic scadáin áirithe i Muir Bhailt**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[1],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach[2],

---

1 Tuairim an 14 Feabhra 2018 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).
2 Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 29 Bealtaine 2018 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an …

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Bunaítear le Rialachán (AE) 2016/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] plean ilbhliantúil do na stoic troisc, scadáin agus saláin i Muir Bhailt ("an plean"). Is é is cuspóir don phlean rannchuidiú le cuspóirí an chomhbheartais iascaigh a bhaint amach agus, go háirithe, a áirithiú go ndéanfaidh saothrú bheo-acmhainní bitheolaíocha na mara líon na speiceas saothraithe a athbhunú agus a chothabháil os cionn leibhéil is féidir uastáirgeacht inbhuanaithe (UTI) a tháirgeadh.

(2) Leagtar amach in Airteagal 1 de Rialachán (AE) 2016/1139 na stoic éisc i Muir Bhailt lena mbaineann, lena n-áirítear an stoc scadáin i Muir na Boitnia agus an stoc scadán i mBá na Boitnia. Chun acmhainn iomlán atáirgthe na stoc sin a chosaint, bunaítear in Iarscríbhinní I agus II a ghabhann leis an Rialachán sin pointí tagartha caomhnaithe áirithe, lena n-áirítear raonta básmhaireachta iascaireachta agus pointí tagartha do bhithmhais stoic sceite.

---

1 Rialachán (AE) Uimh. 2016/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Iúil 2016 lena mbunaítear plean ilbhliantúil do na stoic troisc, scadáin agus saláin i Muir Bhailt agus don iascach a shaothraíonn na stoic sin, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2187/2005 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1098/2007 ón gComhairle (IO L 191, 15.7.2016, lch. 1).

(3) Léiríodh sa mheastóireacht eolaíoch a rinne an Chomhairle Idirnáisiúnta um Thaiscéalaíocht na Mara (ICES) in 2017 ar an stoc scadáin i Muir na Boitnia agus ar an stoc scadáin i mBá na Boitnia go bhfuil an dá stoc sin cosúil le chéile. Dá bharr sin, rinne ICES stoc amháin den dá stoc, d'athraigh siad teorainneacha an limistéir gheografaigh dáileacháin agus rinne siad meastachán in athuair ar UTI na raonta básmhaireachta iascaireachta agus ar na pointí tagartha caomhnaithe ábhartha chomh maith. Ba é an toradh a bhí air sin sainmhíniú ar an stoc agus ar na luachanna uimhriúla a bhí éagsúil ón sainmhíniú agus ó na luachanna a bhunaítear in Airteagal 1 de Rialachán (AE) Uimh. 2016/1139 agus in Iarscríbhinní I agus II a ghabhann leis.

(4) Foráiltear le hAirteagal 5(6) de Rialachán (AE) 2016/1139, i gcás, ar bhonn comhairle eolaíoch, ina measann an Coimisiún nach léiríonn na pointí tagartha caomhnaithe a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán sin cuspóirí an phlean i gceart a thuilleadh, go bhféadfar na pointí sin, mar ábhar práinne, a thíolacadh le hathbhreithniú chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle.

(5) Is iomchuí pointí (e) agus (f) d’Airteagal 1(1) de Rialachán (AE) Uimh. 2016/1139 agus Iarscríbhinní I agus II a ghabhann leis a leasú go práinneach chun a áirithiú go socrófar na deiseanna iascaireachta do na stoic ábhartha i gcomhréir leis na pointí tagartha caomhnaithe atá tugtha cothrom le dáta.

(6) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) 2016/1139 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

*Leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 2016/1139*

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 2016/1139 mar a leanas:

(1) Leasaítear Airteagal 1(1) mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (e):

“(e) scadáin (*Clupea harengus*) i bhForanna 30-31 de ICES (scadán Mhurascaill na Boitnia);”;

(b) scriostar pointe (f).

(2) In Iarscríbhinn I, cuirtear an iontráil seo a leanas in ionad na n-iontrálacha a bhaineann le stoc scadáin Mhuir na Boitnia agus le stoc scadáin Bhá na Boitnia:

| | | |
|---|---|---|
| “Scadán Mhurascaill na Boitnia | 0,15-0,21 | 0,21-0,21” |

(3) In Iarscríbhinn II, cuirtear an iontráil seo a leanas in ionad na n-iontrálacha a bhaineann le stoc scadáin Mhuir na Boitnia agus le stoc scadáin Bhá na Boitnia:

| | | |
|---|---|---|
| “Scadán Mhurascaill na Boitnia | 283 180 | 202 272” |

*Airteagal 2*

*Teacht i bhfeidhm*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in/sa …,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |